Dabhcha Séarachais

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhabhcha séarachais agus a dtionchar ar an timpeallacht. Sula bhféachann tú ar an mír, déan na ceisteanna thíos a phlé.

- An bhfuil truailliú ag tarlú i do cheantar féin?
- An bhfuil obair le déanamh ar na dabhcha séarachais sa bhaile agat?
- An seift í seo ag an rialtas le tuilleadh cánach a bhailiú, dar leat?

Ceist 2 Gan féachaint ar an mír go fóill déan iarracht an Ghaeilge a aimsiú do na focail seo a leanas. Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat. Ansin éist leis an mír agus féach an raibh an ceart agaibh.

Septic Tanks _____
Pollution _____
Guidelines _____
European Union _____
To fulfill _____
Standard _____
Owner _____
To register _____
Inspectors _____
Refurbishment _____
Fee _____
Faulty _____
Engineer _____
Research _____
Agency _____
Environmental Protection _____

Ceist 3 Anois féach ar an mír den chéad uair agus déan iarracht achoimre ghairid a scríobh le príomhphointí an scéil a léiriú. Cuir do chuid oibre i gcomparáid leis an duine in aice leat.

Ceist 4 **(a)** **‘***ag breathnú air…’*

Cén ghné den ghramadach atá i gceist le ‘*ag breathnú’* thuas?
Déan iarracht an fhoirm chéanna a aimsiú do na briathra seo a leanas.

Téigh _____
Faigh _____
Ceannaigh _____
Taistil _____
Lig _____
Buail _____
Bris _____
Mol _____
Abair _____
Athraigh _____

(b) Anois, déan iarracht samplaí de na gnéithe gramadaí thíos a aimsiú sa mhír:

Deir an ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gurb iad atá ceaptha le plean náisiúnta a chur i dtoll a chéile faoi scrúduithe a bheidh le déanamh ar dhabhcha séarachais ach nach mbeidh siad ag rá tada faoi seo go dtí deireadh na bliana. Faoi láthair tá an ghníomhaireacht ag cur clár le chéile faoi na ceantair is mó a cheaptar atá i mbaol truaillithe.

Aidiacht Bhriathartha _____
Saorbhriathar _____
Lagiolra sa tuiseal ainmneach _____
Ainm briathartha _____
Briathar san aimsir láithreach _____

Ceist 5 Luaitear roinnt áiteanna agus láithreacha cáiliúla ar nós '*ceantar na Sionainne agus na Coiribe'.* Déan iarracht Gaeilge a chur ar na téarmaí tíreolaíochta thíos.

The West of Ireland _____
The Pale _____
The Slaney _____
Carrauntuohill _____
The Giant's Causeway _____
The North Channel _____
Hill of Tara _____
The Twelve Pins _____

Ceist 6 Pléigh an ráiteas thíos i ngrúpa nó mar ábhar díospóireachta

'Tá Éire i ngreim ag an Eoraip'

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

Septic Tanks	**Dabhcha Séarachais**
Pollution	**Truaillíú**
Guidelines	**Treoirlínte**
European Union	**An tAontas Eorpach**
To fulfill	**a chomhlíonadh**
Standard	**Caighdeán**
Owner	**Úinéir**
To register	**Clárú**
Inspectors	**Cigirí**
Refurbishment	**Athchóiriú**
Fee	**Táille**
Faulty	**Lochtach**
Engineer	**Innealtóir**
Research	**Taighde**
Agency	**Gníomhaireacht**
Environmental Protection	**Caomhnú Comhshaoil**

Ceist 3 Ní mór don dalta achoimre ghairid a scríobh lena thuiscint ar phríomhphointí na míre a léiriú.

Ceist 4 **(a)** An t-ainm briathartha atá i gceist le '*ag breathnú*'

Téigh	Dul
Faigh	Fáil
Ceannaigh	Ceannach
Taistil	Taisteal
Lig	Ligean
Buail	Bualadh
Bris	Briseadh
Mol	Moladh
Abair	Rá
Athraigh	Athrú

(b)

Aidiacht Bhriathartha	**Ceaptha**
Saorbhriathar	**Ceaptar**
Lagiolra sa tuiseal ainmneach	**Ceantair**
Ainm briathartha	**Ag cur** **Ag rá**
Briathar san aimsir láithreach	**Deir** **Tá**

Ceist 5

The West of Ireland	Iarthar na hÉireann
The Pale	An Pháil
The Slaney	An tSláine
Carrauntuohill	Corrán Tuathail
The Giant's Causeway	Clochán an Aifir
The North Channel	Sruth na Maoile
Hill of Tara	Teamhair
The Twelve Pins	Na Beanna Beola

Ceist 6 Is féidir an rún seo a phlé i bhfoirm díospóireachta nó i ngrúpaí beaga má bhíonn go leor ama ann.

Maolra Mac Donnchadha
Dabhcha séarachais i gceantair a cheaptar an córas uisce a bheith á thruailliú, is túisce a dhéanfar scrúdú orthu an bhliain seo chugainn. Sin de réir phlean an rialtais, leis na treoirlínte ar chaighdeán uisce agus dabhcha séarachais ón Aontas Eorpach a chomhlíonadh. Beidh ar úinéir an tí an dabhach a chlárú roimh dheireadh na bliana.

Máire Treasa Ní Cheallaigh
Inniu tugadh le fios go mbeidh cigirí ag díriú ar dhabhcha séarachais a cheaptar atá ag cur córais thábhachtacha uisce[1] ar fud na tíre i mbaol, cosúil le ceantar na Sionainne agus na Coiribe. Má cheaptar nach bhfuil na dabhcha ag obair i gceart beidh ar úinéirí athchóiriú a dhéanamh orthu. Meastar go gcosnóidh an obair seo cúig mhíle euro ar a laghad. Is i 1972 a fuair Seán Craven cead pleanála dá theach atá lonnaithe ar bhruach na Coiribe i nGaillimh. Tá sé ag diúltú aon táille a íoc.

Seán Craven
Seo bealach eile ag an rialtas le tuilleadh cánach[2] a chur ar na daoine. Ó lean mé chuile riail agus fuair daoine go leor pleanála ó shin, agus tá siad ag íoc airgead mór do na seirbhísí ar cheart a bheith againn.
Tá sé ráite go bhféadfaí fíneáil suas le cúig mhíle euro agus trí mhí príosúin a ghearradh ar úinéirí na ndabhcha lochtacha[3]. Ceaptar go bhfuil suas le céad seasca cúig míle dabhach sa tír nach bhfuil ag obair i gceart. Is innealtóir é Pádraig Ó Coirbín a bhfuil go leor taighde déanta aige ar chórais séarachais.

Pádraig Ó Coirbín
Formhór de na tithe seo ní raibh an t-eolas le fáil ó thaobh córais séarachais agus rudaí mar sin, ní thabharfainn de mhilleán dóibh, muintir na dtithe[4] féin, agus ag breathnú air ó thaobh na hinnealtóireachta[5] agus ó thaobh na timpeallachta de[6], níl aon dabht i m'intinnse agus tá sé feicthe anois agam le roinnt blianta anuas go bhfuil truailliú ag tarlú ó na córais séarachais seo.

Máire Treasa Ní Cheallaigh
Deir an ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gurb iad atá ceaptha le plean náisiúnta a chur i dtoll a chéile faoi scrúduithe a bheidh le déanamh ar dhabhcha séarachais ach nach mbeidh siad ag rá tada faoi seo go dtí deireadh na bliana. Faoi láthair tá an ghníomhaireacht ag cur le chéile clár faoi na ceantair[7] is mó a cheaptar atá i mbaol truaillithe.
Máire Treasa Ní Cheallaigh, Nuacht TG4

---

[1] *ag cur córais uiscí thábhachtacha* a deirtear
[2] *cáin* a deirtear
[3] *na dabhcha* a deirtear (gin. iolra i gceist)
[4] *na tithe* a deirtear
[5] Ní bhaintear úsáid as an tuiseal ginideach anseo
[6] Féach fonóta 5
[7] '*Ceantracha'* a deirtear. Is leagan canúnach é seo den iolra '*ceantair*'.